2024/3132

20.12.2024

TREOIRLÍNE (AE) 2024/3132 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 14 Samhain 2024

lena n-aisghairtear Treoirlíne (AE) 2024/3130 agus lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (BCE/2024/23) agus lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) *(BCE/2024/37)*

Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3 agus 18.2 agus an chéad mhír d'Airteagal 20 de,

De bhrarr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun beartas airgeadaíochta aonair a bhaint amach, ní mór na huirlisí, na hionstraimí agus na nósanna imeachta a shainiú a bheidh le húsáid ag an Eurochóras, arb é an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear 'BCNanna' anseo feasta), d'fhonn beartas den sórt sin a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) D'fhonn éifeachtúlacht oibríochtúil agus trédhearcacht nósanna imeachta an Eurochórais a bhaineann le slógadh agus bainistiú comhthaobhachta a fheabhsú, ba cheart do BCNanna comhthaobhacht arna slógadh ag contrapháirtithe in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais a fháil agus a bhainistiú ar bhealach comhchuibhithe, eadhon trí phróisis chaighdeánaithe atá aonfhoirmeach ó thaobh oibríochta de, gan beann ar an áit a bhfuil an chomhthaobhacht nó an contrapháirtí suite.

(3) Chuige sin, tá Córas Bainistíochta Comhthaobhach an Eurochórais (Eurosystem Collateral Management System, ECMS) forbartha ag an Eurochóras mar ardán aonair Eurochórais a ligeann do BCNanna sócmhainní incháilithe a bhainistiú agus airgead a shlógann a gcontrapháirtithe mar chomhthaobhacht. Dá bhrí sin, ghlac BCE Treoirlíne (AE) 2024/2139 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/22) ([1]). Le Treoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/3129) comhlánaítear an creat cur chun feidhme beartais airgeadaíochta a leagtar síos i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([2]) agus cuirtear in ionad na bhforálacha bainistíochta comhthaobhachta atá sa Treoirlíne sin é. Leagtar síos go háirithe i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) rialacha agus socruithe comhchuibhithe do BCNanna chun comhthaobhacht arna slógadh ag contrapháirtithe ar bhonn intíre agus trasteorann a bhainistiú chun oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais a chomhthaobhú agus chun críocha áirithe eile.

(4) I bhfianaise ghlacadh Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) agus ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, tá forálacha áirithe de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) maidir le slógadh agus bainistiú comhthaobhachta imithe i léig agus ba cheart iad a scriosadh, nó is gá iad a leasú.

(5) Go háirithe, tar éis ghlacadh Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) agus maidir le hoibríochtú ECMS, (a) scoirfear de chórais chomhthiomsaithe intíre agus de chórais curtha in áirithe a úsáideann BCNanna chun comhthaobhacht a bhainistiú agus ba cheart na rialacha gaolmhara a scriosadh; (b) ba cheart nósanna imeachta socraíochta agus rialacha lena rialaítear slógadh trasteorann comhthaobhachta a choigeartú; (c) critéir incháilitheachta maidir le (i) córais socraíochta urrús (SSSanna), (ii) naisc idir SSSanna agus (iii) gníomhairí tripháirteacha a leasú; (d) ba cheart cainníocht a bheith ag ionstraimí fiachais a shloinntear in aghaidhmhéid (face amount, FAMT) chun a bheith incháilithe mar chomhthaobhacht agus chun caighdeáin an mhargaidh maidir le hainmníocht urrús a chomhlíonadh.

([1]) Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 maidir le bainistiú comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (BCE/2024/22) (IO L, 2024/3129, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3129/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le cur chun feidhme chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais (Treoirlíne maidir leis an Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

(6) Tar éis don idirthréimhse is infheidhme dul in éag, níor cheart glacadh a thuilleadh le hionstraimí fiachais indíolta arna n-eisiúint nó arna ráthú ag corparáidí neamhairgeadais nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa iomchuí ar fáil ina leith mar chomhthaobhacht de chuid an Eurochórais.

(7) Is gá soiléireacht níos fearr a sholáthar i gcreat measúnaithe creidmheasa an Eurochórais (Eurosystem credit assessment framework, ECAF) maidir le glacadh le rátálacha airgeadra áitiúil agus rátálacha airgeadra eachtraigh ó institiúidí seachtracha um measúnú creidmheasa (external credit assessment institutions, ECAInna).

(8) I gcomhréir le gealltanas an Eurochórais a spleáchas ar rátálacha seachtracha a laghdú, tabharfar tosaíocht do rátálacha ó chórais inmheánacha measúnaithe creidmheasa (in-house credit assessment systems, ICASanna) na BCNanna, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ar rátálacha ó chórais measúnaithe creidmheasa eile chun incháilitheacht féichiúnaithe agus ráthóirí éileamh creidmheasa a chinneadh, agus ar na caolchorrlaigh luachála is infheidhme.

(9) Dá bhrí sin, ([3]) glacadh Treoirlíne (AE) 2024/3130 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/23). Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, bhí dáta chur i bhfeidhm na Treoirlíne sin mar an gcéanna le dáta Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).

(10) An 25 Meán Fómhair 2024, chinn an Chomhairle Rialaithe seoladh ECMS a athsceidealú i bhfianaise an mheasúnaithe go raibh gá le ham breise chun ullmhacht leordhóthanach a bhaint amach chun tús rianúil a chur leis na hoibríochtaí. An 24 Deireadh Fómhair 2024, chinn an Chomhairle Rialaithe gur cheart gurb é an 16 Meitheamh 2025 dáta tosaigh oibríochtaí ECMS, agus leasaíodh na dátaí ábhartha i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) dá réir.

(11) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun athsceidealú dháta tosaigh oibríochtaí ECMS a léiriú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na leasuithe is gá ar Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60), mar a leagtar amach i dTreoirlíne (AE) 2024/3130 (BCE/2024/23), a shonrú mar an 16 Meitheamh 2025. Chuige sin, is gá Treoirlíne (AE) 2024/3130 (BCE/2024/23) a aisghairm agus na leasuithe sin a thabhairt isteach le dáta cur i bhfeidhm an 16 Meitheamh 2025.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2024/3130 (BCE/2024/23) a aisghairm, agus ba cheart Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREORLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm Treoirlíne (AE) 2024/3130 (BCE/2024/23)

Aisghairtear leis seo Treoirlíne (AE) 2024/3130 (BCE/2024/23).

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagtar amach sa Treoirlíne seo na rialacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta aonair ag an Eurochóras ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Leagtar síos rialacha maidir le slógadh agus bainistiú comhthaobhachta i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/22) (*).

(*) Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 maidir le bainistiú comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (BCE/2024/22) (IO L, 2024/3129, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3129/oj.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i bpointe (16), scriostar pointe (d);

([3]) Treoirlíne (AE) 2024/3130 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le cur chun feidhme chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2014/60) (BCE/2024/23) (IO L, 2024/3130, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3130/oj.

(b) scriostar pointe (18);

(c) scriostar pointe (20);

(d) scriostar pointe (22a);

(e) i bpointe (23), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ionstraimí fiachais miondíola le taca morgáistí (etail mortgage-backed debt instruments, RMBDanna) arna n-eisiúint ag eintitis atá bunaithe i mBallstát a BCN baile;';

(f) scriostar pointe (24);

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (25a):

'(25a) ciallaíonn "nasc incháilithe" nasc incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (26), de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/3129);';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (25b):

'(25b) ciallaíonn ciallaíonn "córas socraíochta urrús incháilithe" (securities settlement system, SSS incháilithe) SSS incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (27), de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22);';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (54):

'(54) ciallaíonn "glao ar éarlais" nós imeachta a bhaineann le corrlaigh athrúcháin a chur i bhfeidhm, lena dtugtar le tuiscint má thiteann luach na sócmhainní arna slógadh mar chomhthaobhacht ag contrapháirtí, mar a thomhaistear go rialta é, faoi leibhéal áirithe, (faoi-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh), go gceanglaíonn an tEurochóras ar an gcontrapháirtí sócmhainní incháilithe breise a sholáthar nó airgead tirim.'

(j) cuirtear isteach an pointe seo a leanas (72a):

'(72a) ciallaíonn "comhthiomsú" comhthiomsú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (44), de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22);';

(k) scriostar pointe (73);

(l) scriostar pointe (76a);

(m) scriostar pointe (81);

(n) scriostar pointe (95);

(3) in Airteagal 15(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) nuair is infheidhme maidir le pointe (b), comhthaobhacht leordhóthanach a sholáthar trí ghlaonna ar éarlaisí comhfhreagracha trí shócmhainní incháilithe nó airgead tirim leordhóthanach. Féadfaidh BCN slógadh airgid mar chomhthaobhacht a thionscnamh freisin i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(4) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is thar oíche a thiocfaidh aibíocht an chreidmheasa arna fadú faoin tsaoráid iasachta imeallach. Aisíocfar an creidmheas an chéad lá eile a mbeidh TARGET ar oscailt.';

(5) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ní shocrófar orduithe íocaíochta a bhaineann le rannpháirtíocht in oibríochtaí a sholáthraíonn leachtacht sa mhargadh oscailte nó in úsáid na saoráide iasachta imeallaí ach amháin tar éis aistriú deiridh na sócmhainní incháilithe mar chomhthaobhacht leis an oibríocht.';

(6) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féachfaidh an tEurochóras le hidirbhearta a bhaineann lena oibríochtaí margaidh oscailte a shocrú ag an am céanna i ngach Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu leis na contrapháirtithe uile a sholáthair sócmhainní incháilithe leordhóthanacha mar chomhthaobhacht i gcomhréir leis na nósanna imeachta socraíochta a shonraítear in Airteagal 9 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22). Mar gheall ar shrianta oibríochta agus gnéithe teicniúla (e.g. SSSanna), áfach, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir an t-am laistigh de lá socraíochta oibríochtaí margaidh oscailte ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.';

(7) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an Eurochóras iarracht oibríochtaí margaidh oscailte a fhorghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta caighdeánacha tairisceana a shocrú, an chéad lá tar éis an lae trádála a mbeidh TARGET oscailte.';

(8) Leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Gan dochar do na ceanglais atá leagtha síos sa Chaibidil seo agus i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22), féadfar forálacha breise a bhaineann le socrú a leagan síos sna socruithe conarthacha nó rialála arna gcur i bhfeidhm ag na BCNanna, nó an BCE, maidir leis an ionstraim beartais airgeadaíochta shonraigh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Sonraítear na nósanna imeachta deireadh lae sa doiciméadacht a bhaineann le creat TARGET agus i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(9) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tEurochóras creat aonair i bhfeidhm le haghaidh sócmhainní incháilithe is coiteann d'oibríochtaí creidmheasa uile an Eurochórais mar a leagtar síos sa Treoirlíne seo agus bainisteoidh sé na sócmhainní sin i gcomhréir le Treoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás ina soláthraíonn contrapháirtithe sócmhainní incháilithe mar chomhthaobhacht, úsáidfidh an BCN baile comhthiomsú chun na sócmhainní sin a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22)';

(10) in Airteagal 61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Foilseoidh an BCE liosta nuashonraithe de shócmhainní indíolta incháilithe ar a shuíomh gréasáin, de réir na modheolaíochtaí a léirítear ar a shuíomh gréasáin agus nuashonróidh sé é gach lá a mbeidh TARGET ag feidhmiú. Beidh sócmhainní indíolta atá ar liosta na sócmhainní indíolta incháilithe, incháilithe le húsáid in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais nuair a fhoilseofar iad ar an liosta. Mar eisceacht don riail seo, i gcás sonrach ionstraimí fiachais a bhfuil socrú luacha an lae chéanna acu, féadfaidh an Eurochóras incháilitheacht a dheonú ón dáta eisiúna.';

(11) cuirtear an mhír 4 seo a leanas le hAirteagal 62:

'4. Chun a bheith incháilithe, beidh cainníocht arna sloinneadh in aghaidhmhéid (face amount, FAMT) ag ionstraimí fiachais.';

(12) Leasaítear Airteagal 66 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun a bheith incháilithe, eiseofar ionstraimí fiachais in LEE le TLU a bheidh ag oibriú (i) SSS incháilithe nó (ii) SSS ag a mbeidh nasc incháilithe chuig SSS incháilithe.';

(b) scriostar mír 2;

(c) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Eiseofar ionstraimí fiachais idirnáisiúnta i bhfoirm iompróra dhomhanda i bhfoirm nótaí domhanda nua (NGNanna) agus taiscfear iad le comhchoimeádaí arb é TLUI nó TLU a bhfuil (i) SSS incháilithe nó (ii) SSS a bhfuil nasc incháilithe chuig SSS incháilithe i bhfeidhm aige. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta arna n-eisiúint i bhfoirm iompróra dhomhanda arna n-eisiúint i bhfoirm nótaí domhanda clasaiceacha roimh 1 Eanáir 2007 agus eisiúintí leanúnacha idirmhalartacha de nótaí den sórt sin arna n-eisiúint faoin ISIN céanna beag beann ar dháta na heisiúna.';

(13) Leasaítear Airteagal 67 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Sonraítear na nósanna imeachta socraíochta is infheidhme maidir le sócmhainní indíolta a shlógadh mar chomhthaobhacht i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22). Chun go mbeidh siad incháilithe, beidh ionstraimí fiachais inaistrithe i bhfoirm cuntais reatha agus socrófar iad faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige ionas go mbeidh foirfeacht agus réadú comhthaobhachta faoi réir dlí Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige.';

(b) scriostar mír 1a;

(c) scriostar mír 2;

(14) Leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. D'fhonn a bheith incháilithe, eiseoidh eisitheoir ionstraimí fiachais arna mbunú sa LEE nó i dtír G10 neamh-LEE, faoi réir na n-eisceachtaí i míreanna 3a go 6 den Airteagal seo agus i mír 4 d'Airteagal 81a. Maidir le sócmhainní indíolta a bhfuil níos mó ná eisitheoir amháin acu, beidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le gach eisitheoir.

2. Chun bheith incháilithe, bunófar ráthóirí ionstraimí fiachais sa LEE, mura n-úsáidtear ráthaíocht chun a shuí go gcomhlíonann an ionstraim fiachais sin na ceanglais cáilíochta creidmheasa maidir le hionstraimí fiachais sonracha, faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar síos i míreanna 3a agus 4. Tá an fhéidearthacht de rátáil ráthóra ECAI a úsáid chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta creidmheasa ábhartha maidir le cáilíocht creidmheasa a bhunú le haghaidh ionstraimí fiachais ar leith leagtha síos in Airteagal 84.'

(b) scriosadh mír 3;

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 86:

'*Airteagal 86*

Rátálacha in airgeadra áitiúil agus eachtrach

Chun críche rátálacha eisitheora agus ráthóirí IMCS, beidh rátálacha airgeadra eachtraigh inghlactha. Má tá an tsócmhainn ainmnithe in airgeadra intíre an eisitheora, beidh an rátáil eisitheora airgeadra áitiúil inghlactha freisin. Má tá an tsócmhainn ainmnithe in airgeadra intíre an ráthóra, beidh rátáil an ráthóra airgeadra áitiúil inghlactha freisin.';

(16) Leasaítear Airteagal 87 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. In éagmais measúnaithe creidmheasa iomchuí arna sholáthar ag ECAI inghlactha maidir leis an eisiúint, leis an eisitheoir nó leis an ráthóir, mar a bheadh infheidhme de bhun Airteagal 84 pointe (a) nó pointe (b), díorthóidh an Eurochóras measúnú creidmheasa intuigthe ar shócmhainní indíolta (seachas ABSanna) de réir na rialacha a leagtar síos i mír 2. Ceanglaítear ar an measúnú intuigthe creidmheasa seo ceanglais cháilíochta creidmheasa an Eurochórais a chomhlíonadh.';

(b) scriosadh mír 3;

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 98:

'*Airteagal 98*

Nósanna imeachta láimhseála

Láimhseálfar éilimh chreidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta an Eurochórais a leagtar síos i ndoiciméadacht náisiúnta ábhartha na BCNanna, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le Treoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(18) Leasaítear Airteagal 109 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an tEurochóras measúnú ar cháilíocht chreidmheasa na n-éileamh creidmheasa ar bhonn cháilíocht chreidmheasa na bhféichiúnaithe nó na ráthóirí arna soláthar ag na córais nó na foinsí measúnaithe creidmheasa arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 110.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh na contrapháirtithe freagrach as a áirithiú go n-úsáidfidh siad an measúnú is déanaí ar cháilíocht chreidmheasa atá ar fáil óna gcórais nó óna bhfoinsí measúnaithe creidmheasa, arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 110, le haghaidh féichiúnaithe nó ráthóirí na n-éileamh creidmheasa a slógadh mar chomhthaobhacht.';

(19) Leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'**Roghnú an chórais nó na foinse measúnaithe creidmheasa**';

(b) cuirtear isteach an mhír -1 seo a leanas:

'-1. Bainfear úsáid as córais measúnaithe creidmheasa inmheánacha (in-house credit assessment systems, ICASanna) BCNanna a nglacann an tEurochóras leo i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta ghinearálta i dTeideal V de Chuid a Ceathair mar phríomhfhoinse measúnaithe creidmheasa chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht chreidmheasa féichiúnaithe agus ráthóirí éileamh creidmheasa arna slógadh mar chomhthaobhacht i gcás ina bhfuil measúnú creidmheasa ó ICAS a bhfuil glacadh leis ar fáil, ón BCN baile nó ó aon BCN eile.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 3:

'1. Féadfaidh contrapháirtithe a bhaineann leas as éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht córas measúnaithe creidmheasa breise amháin a roghnú nó foinse a fháil ó cheann de na foinsí measúnaithe creidmheasa eile a nglacann an tEurochóras leo i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta ghinearálta i dTeideal V de Chuid a Ceathair. Tabharfar córas nó foinse tánaisteach measúnaithe creidmheasa an chontrapháirtí ar an gcóras measúnaithe creidmheasa nó ar an bhfoinse a roghnaítear faoin mír seo. Ní fhéadfar an córas nó an fhoinse tánaisteach um measúnú creidmheasa a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa ar fáil don fhéichiúnaí nó don ráthóir ábhartha, faoi seach, ó BCN ICAS a bhfuil glacadh leis.

2. Féadfaidh an BCN baile cead a thabhairt dá chontrapháirtithe níos mó ná dhá chóras nó dhá fhoinse measúnaithe creidmheasa a úsáid ar iarratas réasúnaithe a chur faoi bhráid an BCN baile le tacaíocht ó chás gnó leordhóthanach bunaithe ar an easpa cumhdaigh leordhóthanaigh ar na foinsí nó na córais measúnaithe creidmheasa príomhúla agus tánaisteacha.

3. I gcásanna ina gceadaítear do chontrapháirtí níos mó ná dhá chóras measúnaithe creidmheasa nó dhá fhoinse measúnaithe creidmheasa a úsáid i gcomhréir le mír 2, táthar ag súil gurb é córas tánaisteach nó foinse measúnaithe creidmheasa an chontrapháirtí an ceann a sholáthraíonn an measúnú ar cháilíocht chreidmheasa an líon is mó féichiúnaithe ó na héilimh chreidmheasa a úsáidtear mar chomhthaobhacht i measc chórais nó fhoinsí measúnaithe creidmheasa an chontrapháirtí a roghnaítear i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 de bhreis ar an bpríomhfhoinse measúnaithe creidmheasa. Má tá measúnuithe creidmheasa ann ó ilchórais nó ó fhoinsí measúnaithe creidmheasa a nglactar leo don chontrapháirtí, beidh an measúnú creidmheasa a úsáidtear chun incháilitheacht an fhéichiúnaí nó an ráthóra a chinneadh, faoi seach, agus beidh na caolchorrlaigh luachála is infheidhme maidir leis an éileamh creidmheasa ábhartha, i gcomhréir le míreanna 1 go 3: (a) an phríomhfhoinse mheasúnaithe creidmheasa, nó ina éagmais sin, (b) an córas nó foinse tánaisteach um measúnú creidmheasa i gcás ina roghnaíonn an contrapháirtí é, nó ina éagmais sin, (c) na córais nó na foinsí breise um measúnú creidmheasa dá dtagraítear i mír 2 i gcás ina roghnaíonn an contrapháirtí iad.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. In imthosca áirithe agus go háirithe nuair a chuireann contrapháirtí tús lena chóras IRB nó nuair a thosaíonn sé ag úsáid éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht, ar iarraidh réasúnaithe a chur isteach, féadfaidh BCN baile maolú a dheonú go heisceachtúil ar chontrapháirtí maidir leis an srian íosta tréimhse de 12 mhí a shonraítear i mír 4 agus ligean don chontrapháirtí a chóras nó a fhoinse measúnaithe creidmheasa roghnaithe a athrú laistigh den tréimhse sin.'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Má tá foinse measúnaithe creidmheasa an IMCS roghnaithe ag an gcontrapháirtí, féadfar rátáil ó fhéichiúnaí IMCS nó ó ráthóir IMCS a úsáid. Má tá iliomad rátálacha ráthóirí IMCS agus/nó IMCS ar fáil don éileamh creidmheasa céanna, úsáidfear measúnú creidmheasa an IMCS is fearr atá ar fáil as measc gach IMCS a bhfuil glacadh leo, i gcomhréir le mír 1 go mír 3.';

(20) Leasaítear Airteagal 111 mar a leanas:

(a) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Más ann do mheasúnú creidmheasa ó na córais nó ó na foinsí a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 110, úsáidfidh an tEurochóras é chun a fháil amach an gcomhlíonann an t-eintiteas earnála poiblí atá ag gníomhú mar fhéichiúnaí nó ráthóir ceanglais an Eurochórais maidir le cáilíocht chreidmheasa le haghaidh sócmhainní neamh-indíolta a leagtar síos in Airteagal 108.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh an tEurochóras measúnú ar cháilíocht chreidmheasa na n-éileamh creidmheasa le corparáidí neamhairgeadais mar fhéichiúnaithe nó mar ráthóirí mar seo a leanas: comhlíonfaidh an measúnú creidmheasa arna sholáthar ag na córais nó na foinsí measúnaithe creidmheasa, mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 110, ceanglais cáilíochta creidmheasa an Eurochórais maidir le sócmhainní neamh-indíolta a leagtar síos in Airteagal 108.';

(21) in Airteagal 112a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Ní cheanglófar ar DECCanna a bheith measúnaithe ag ceann de na foinse measúnaithe creidmheasa a nglacann an Eurochóras leo de réir na gcritéar ginearálta inghlacachta i dTeideal V de Chuid a Ceathair.

2. Beidh ag gach éileamh creidmheasa bunúsach sa chomhthiomsú cumhdaigh DECCanna measúnú creidmheasa arna sholáthar ag ceann de na foinse measúnaithe creidmheasa a nglacann an tEurochóras leo de réir na gcritéar ginearálta glactha i dTeideal V de Chuid a Ceathair. Ina theannta sin, is é an córas nó an foinse measúnaithe creidmheasa a úsáidfear ná an córas nó an fhoinse chéanna a roghnóidh an tionscnóir de réir Airteagal 110. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le ceanglais cháilíochta creidmheasa an Eurochórais maidir leis na héilimh creidmheasa bhunúsacha atá leagtha síos in Roinn 1.';

(22) In Airteagal 118(1), scriostar pointe (b);

(23) in Airteagal 128(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) corrlaigh athrúcháin (marcáil ón margadh):

éilíonn an Eurochóras go gcoinneofar le himeacht ama luach margaidh arna choigeartú le caolchorrlaigh na sócmhainní incháilithe a úsáidtear ina idirbhearta droim ar ais lena soláthraítear leachtacht. Má thiteann luach na sócmhainní incháilithe, a thomhaistear ar bhonn laethúil, faoi leibhéal áirithe (faoi-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh), ceanglóidh an BCN baile ar an gcontrapháirtí sócmhainní breise nó airgead tirim a sholáthar trí ghlao ar chorrlach i gcomhréir le hAirteagal 136. Ar an gcaoi chéanna, má sháraíonn luach na sócmhainní incháilithe leibhéal áirithe tar éis a n-athluachála, tabharfaidh an BCN na an t-airgead tirim breise ar ais;';

(24) i bpointe (134), scriostar pointe (d);

(25) Leasaítear Airteagal 136 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh sócmhainní a shlógadh mar chomhthaobhacht d'oibríochtaí creidmheasa Eurochórais faoi réir luachála laethúil ag BCNanna, de réir na rialacha luachála atá leagtha síos in Airteagail 134 agus 135.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Más rud é, tar éis luachála agus caolchorrlaigh, nach bhfuil na sócmhainní slógtha ag teacht leis na ceanglais arna ríomh an lá sin, déanfar glaonna ar chorrlach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 11 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22). Más mó luach na sócmhainní incháilithe arna slógadh mar chomhthaobhacht ag contrapháirtí, tar éis a n-athluachála, ná an méid atá dlite ag an gcontrapháirtí móide, i gcás inarb ábhartha, an corrlach athrúcháin, tabharfaidh BCN ar ais aon airgead tirim breise a chuir an contrapháirtí ar fáil le haghaidh glao ar chorrlach.';

(c) scriosadh mír 3;

(26) Leasaítear Airteagal 144a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Forálfaidh BCNanna go bhfanfaidh contrapháirtí faoi dhliteanas as aon mhéid de shreafaí diúltacha airgid a bhaineann le sócmhainní incháilithe arna gcur isteach nó a úsáideann sé mar chomhthaobhacht a íoc go tráthúil agus a bhainistítear de bhun Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Má mhainníonn contrapháirtí íocaíocht thráthúil a dhéanamh de bhun mhír 1, féadfaidh an Eurochórais, ach níl oibleagáid air, an íocaíocht ábhartha a urscaoileadh.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Aon mhéid a íocfaidh an tEurochóras faoi mhír 2, measfar gur creidmheas ón Eurochóras é, a bhfuil smachtbhanna infheidhme ina leith i gcomhréir le hAirteagal 154.';

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 148:

'*Airteagal 148*

Slógadh trasteorann sócmhainní incháilithe

Féadfaidh contrapháirtithe sócmhainní incháilithe a úsáid ar bhonn trasteorann ar fud an limistéir euro le haghaidh gach cineál oibríochta creidmheasa de chuid an Eurochórais i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le sócmhainní incháilithe a shlógadh mar chomhthaobhacht a shonraítear i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).';

(28) scriosadh Airteagal 149;

(29) scriosadh Airteagal 150;

(30) scriosadh Airteagal 151;

(31) scriosadh Airteagal 152;

(32) Scriostar Iarscríbhinn VI;

(33) Scriostar Iarscríbhinn VIa;

(34) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) i 'Liosta na samplaí', scriostar 'Sampla 6 Bearta rialaithe riosca';

(b) scriostar Roinn VI, dar teideal '*SAMPLA 6: BEARTA RIALAITHE RIOSCA*'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra do na BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 16 Meitheamh 2025. Tabharfaidh siad fógra faoi na téacsanna agus faoi na meáin a bhaineann leis na bearta sin do BCE faoin 4 Nollaig 2024 ar a dhéanaí.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 14 Samhain 2024.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE